

BEAN A FUAIR TRIÚR

Bhí bean ann agus bhí a fear, a mac agus a dreatháir dligthe le n-a gcrochta. Bhí fear aca le fágáil aice pébir cé aca adéarfadh sí. Ghlaoigh an breitheamh uirthé agus d'fíafuigh sé aca fear a thógfadh sí.

“Gheobhfainn fear dá mbeinn críonna
Dhéanfainn mac dhe airneán oidhche
Ní bhfuighfinn dreatháir go deo ná choidhchin.”

Fuair sí an triúr aca annsin.

Is minic a bhí mé a’ tóruidheacht rud agus nár mhaith liom a fhághail.
- Poll i mo stoca

Ó Flaithearta agus Ó Máille an dá ainm is sine in Éirinn.

Tháinigedar in Éirinn in éinfheacht, na hÓ Flaitheartaigh agus na hÓ Máilligh. Bhídís féin i gcomórtas le chéile agus ag troid i gcomhnuidhe. Ba mhór leofa féin a chéile nó go raibh an sinsear caithte ar gach aon taobh. D’fhan na Máilligh aca féin. Nuair a castaoi beirt Mháilleach ar a chéile gan aithne aca ar a chéile bhí comhartha ar a riosta na láimhe ó nadúr go n-aithneoidís féin a chéile----faithne. Chraithidís lámh le chéile agus d’aithnigheadh ar an bpointe dá mba ceann den dream iad. Bhíodh na Máillí i gcomhnuidhe i gcumann le chéile agus ba mhór leis na Flaitheartaigh sin. Bhí siad i gcomhnuidhe ag troid go bhfuair na Máillí an láimh in uachtar ortha. Tháinig sé sa saoghal go raibh na Máillí imighthe ach aon fhear amháin. Phós sé bean. Bhí aon mhalrach amháin mná ina dhiaidh. Lá da raibh máthair an mhalraigh a’ gul i gcoinne uisge ag tobar bhí an malrach ar a baclainn aice. Casadh sagart duithe. D’fíafuigh sé dhuithé an malrach fir a bhí aice ar a baclainn agus dubhairt sí nárbh eadh. “Tom síos sa tobar í” adeir an sagart. Bhí a stil ar a mhuineál aige ag léigheadh a leabhair. Dubhairt sé léithe a tógáil aníos agus féachaint a raibh aon chosmhalacht malrach fir uirthé. Dubhairt sí nach raibh. “Cuir síos aríst í” ar seisean. Chuir. Nuair a thóg sí aníos an triomhadh uair í bhí sí ina malrach fir. “Tabhair abhaile anois é” adeir an sagart, “agus tabhair aire mhaith dhó.”

Thóg sí suas é le sgoil agus foghlaim é go raibh sé suas ina fhear. Bhí triúr de na Flaitheartaigh beo an uair sin. Lá dár casadh an Máilleach óg leis na Flaitheartaigh chuaigh siad ag troid. Tháinig an Máilleach abhaile trathnóna go dtí na mháthair buailte go dona de bharr na bhFlaitheartaigh.

“Dá mbeadh claidheamh t’athar agat ní bhuaifidhe thú.” “Cá bhfuil sé sin nó bhfuil sé le fágáil” are seisean. “Tá sé ag athair t’athar mór má tá sé beo ach bhí sé ina dhall an uair

dheiridh a fuair mise tuairisg air.” “Ní stopfaidh mé choidhche” adeir sé, go bfeicidh mé a bhfuighfidh mé é.”

Chuaidh sé go dtí an seanfhear. Bhí sé ina shuidheamh sa gclúid nuair a tháinig sé isteach. D’fíafraigh sé de cé hé féin. “Ceann de na hÓ Máilligh mé” ar seisean. “Tabhair dom do lámh” ars an seanfhear. Nuair a láimhsigh sé a lámh fuair sé an comhartha uirthé. “Siad go cinnte” ar seisean. “Céard tá tú a iarraidh?” “Bhí mé ag troid leis na Flaitheartaigh agus bhuaileadar mé. Dubhairt mo mháthair liom dá mbeadh claidheamh m’athar agam nach mbuailfidís mé, agus go raibh sé agat-sa” Sin rud a gheitheas tú agus mo bheannacht” adeir an seanfhear.

Tháinig sé abhaile leis an gclaidheamh. Chuaidh sé ag troid leis na Flaitheartaigh agus níor fhág sé ceann ar cholainn nár mharbhuigh sé. Sin é a chuir deireadh leis an dream sin de hÓ Flaitheartaigh.

Seanfhear siubhail a d’innis an méid sin do Mhícheál Breathnach dhá fhichead bliain ó shoin.

28/11/1934